# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/542 ÓN gCOMHAIRLE

**an 26 Márta 2021**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 ([1]) lenar bunaíodh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar an oibríocht, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2023.

(3) Ba cheart sonrú níos beaichte a dhéanamh ar na socruithe maidir le diúscairt arm agus ábhair ghaolmhair a urghabhadh agus trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia á chur chun feidhme, lena n-áirítear ítimí urghafa a stóráil, a scriosadh nó a aistriú chuig Ballstát nó chuig tríú páirtí, i gcomhréir le Rún 2292 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, agus níl sí rannpháirteach i maoiniú na hoibríochta seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. I bhfianaise na gceanglas eisceachtúil oibríochtúil, agus arna iarraidh sin ag Ballstát, féadfaidh EUNAVFOR MED IRINI soithí a atreorú chuig calafoirt an Bhallstáit sin agus airm agus ábhar gaolmhar urghafa a dhiúscairt i gcomhréir le mír 3, lena n-áirítear trína stóráil, a scriosadh nó a aistriú chuig Ballstát nó chuig tríú páirtí. Ainmneofar na calafoirt ar féidir soithí a atreorú chucu sa Phlean Oibríochtaí.

Déanfaidh Coiste na Saoráide Eorpach Síochána cinneadh, ar thogra ó Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh, maidir le ceann scríbe deiridh na n-arm agus an ábhair ghaolmhair a urghabhadh, lena n-áirítear stóráil, scriosadh nó aistriú chuig Ballstát. Mar sin féin, déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinneadh, ar thogra ón gCeannasaí Oibríochta, maidir le hítimí den sórt sin a aistriú chuig tríú páirtí, i gcomhréir le Rún 2292 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mura n-iarrfaidh Ballstát go ndéanfar an cheist a chur faoi bhráid na Comhairle, agus faoi réir aon choinníollacha agus coimircí arna mbunú ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála nó ag an gComhairle faoi seach. Le urghabhadh na n-ábhair ghaolmhair den sórt sin, urramófar na prionsabail a leagtar síos i gComhsheasamh 2008/944/CBES (*) ón gComhairle, agus comhlíomadh leis na rialacha náisiúnta agus nósanna imeachta maidir le

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).

rialuithe ar onnmhairiú na n-arm, beidh sé faoi réir coinníollacha agus coimircí arna bhunú ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála nó ag an gComhairle faoi seach, agus aird chuí á tabhairt ar na nósanna imeachta a leagtar síos i gCinneadh (CFSP) 2021/509 (**), go háirithe modheolaíocht rioscaí agus choimircí; agus ní chuimseoidh sé trealamh nó ardáin míleata, a cheaptar chun fórsa marfach a thabhairt

Maidir le Ballstát a chabhróidh le EUNAVFOR MED IRINI chun airm agus ábhar gaolmhar urghafa a dhiúscairt, glacfaidh sé de chúram air féin na nósanna imeachta is gá a chur i gcrích a luaithe is féidir chun go bhféadfar na hítimí urghafa a dhiúscairt, faoi chuimsiú a dhlí náisiúnta agus a nósanna imeachta náisiúnta. Tabharfaidh EUNAVFOR MED IRINI deimhniú diúscartha don Bhallstát sin.

Seasfaidh an tSaoráid Eorpach Síochána na costais a bhaineann le stóráil agus diúscairt na n-arm agus an ábhair ghaolmhair a d'urghabh EUNAVFOR MED IRINI laistigh dá Limistéar Oibríochtaí, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na seirbhísí calafoirt riachtanacha. Is í an tSaoráid Eorpach Síochána a sheasfaidh na costais a bhaineann le haon dliteanas airgeadais a thiocfaidh as atreorú soithigh nó as gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin a bhaineann le hiompar, stóráil agus diúscairt na n-ítimí a urghabhadh, seachas i gcásanna mórfhaillí nó mí-iompair thoiliúil ag an mBallstát a bheidh ag cuidiú leis an diúscairt nó ag aon duine dá ghníomhairí. Déanfar aon admháil a fhabhróidh don Ballstát ó dhiúscairt arm urghafa agus trealaimh agus soláthairtí gaolmhara a aistriú chuig an tSaoráid Eorpach Síochána, agus aird chuí á tabhairt ar na nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha ábhartha sa Bhallstát sin go dtí go ndéanfar na hítimí urghafa a dhiúscairt, ach amháin i gcásanna mórfhaillí nó mí-iompar toiliúil ag an mBallstát a bheidh ag cabhrú lena ndiúscairt nó ag gníomhaire dá chuid.

Féadfaidh EUNAVFOR MED IRINI, arna ionadú ag Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh, socrú riaracháin a thabhairt i gcrích le húdaráis ábhartha Bhallstáit atá ag cabhrú chun soitheach a atreorú nó chun airm agus ábhar gaolmhar urghafa a dhiúscairt chun na freagrachtaí faoi seach sa chomhthéacs sin a shonrú. Beidh feidhm ag na forálacha seo maidir le himeachtaí urghabhála agus diúscartha atá fós ar siúl.".

Bainfidh an mhír seo le imeachtaí urghabhála agus diúscirt atá ar siúl.

(*) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe trealaimh agus teicneolaíochta míleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

(**) Cinneadh (CFSP) 2021/509 an 22 Márta 2021 ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

(2) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. EUR 16 900 000 a bheidh sa mhéid tagartha do chostais choiteanna EUNAVFOR MED IRINI don tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2023. 10 % i ngealltanais agus 10 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 46(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle.";

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR MED IRINI an 31 Márta 2023.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. P. ZACARIAS